Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**14745/19**

**ENFOPOL 526**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 2 Nollaig 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14138/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Europol le Páirtithe Príobháideacha<br>– Conclúidí ón gComhairle (2 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Europol le Páirtithe Príobháideacha, a ghlac an Chomhairle ag an 3735ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 2 Nollaig 2019.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le comhar Europol le Páirtithe Príobháideacha

AG FÉACHAINT don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagal 87 agus Airteagal 88 de maidir le comhar póilíneachta agus misin Europol, agus do Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol);

Á THABHAIRT DÁ hAIRE go dtacóidh Europol, de réir na n-ionstraimí thuasluaite, leis an ngníomhaíocht agus leis an gcomhar frithpháirteach a dhéanfaidh údaráis phóilíneachta na mBallstát agus seirbhísí eile forfheidhmithe an dlí chun coireacht thromchúiseach a chosc agus a chomhrac agus go neartóidh sé an ghníomhaíocht agus an comhar sin; sa chomhthéacs sin, ba cheart do Europol a ról a fheabhsú mar mhol faisnéise coiriúla de chuid an Aontais laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa Chonradh;

Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI na forbairtí is tapúla i dteicneolaíochtaí nua-aimseartha, agus an méadú atá tagtha ar chionta coiriúla tromchúiseacha dá bharr sin a dhéantar ar líne, ar an ngréasán dorcha nó le cabhair ó na teicneolaíochtaí sin;

Á CHUR SAN ÁIREAMH go bhféadfaidh Europol a ról atá cumhdaithe sna hionstraimí thuas a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí más féidir leis sonraí atá ar fáil a bhailiú agus a phróiseáil go tapa i dtimpeallacht ar líne an lae inniu a bhíonn ag athrú go tapa, lena n-áirítear sonraí a iarrtar agus a fhaightear go díreach ó pháirtithe príobháideacha, d'ainneoin oibleagáid Europol fógra a thabhairt d'údaráis inniúla náisiúnta ábhartha na mBallstát a luaithe a shainaithnítear iad;

ÓS RUD É go bhfuil ról méadaitheach ag páirtithe príobháideacha maidir le coireanna cibearchumasaithe a chosc agus a chomhrac mar gur minic a bhíonn seilbh acu ar mhéideanna suntasacha sonraí pearsanta atá ábhartha d'oibríochtaí um fhorfheidhmiú an dlí agus dá bhrí sin go dteastóidh deimhneacht dhlíthiúil uathu i gcás ina mbeidh sonraí pearsanta a aistriú acu chuig Europol;

Á THAISPEÁINT go gcuireann an creat reachtach atá ann faoi láthair, go háirithe Airteagail 17 agus 26 de Rialachán (AE) 2016/794, srian ar chumas Europol próiseáil a dhéanamh ar shonraí a fhaightear ó pháirtithe príobháideacha ar an tsubstaint, a mhéid is gá na sonraí a thíolacadh roimh ré trí bhealaí eile[1], rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le moilleanna suntasacha agus a fhágann faoi dheoidh go mbeidh na sonraí sin imithe i léig nó nach mbeidh siad ábhartha a thuilleadh le haghaidh imscrúdú nó anailíse;

Á CHUR IN IÚL i ndáil leis sin freisin go bhféadfadh caillteanas iomlán faisnéise ábhartha a bheith mar thoradh ar an gcreat reachtach atá ann faoi láthair, mar shampla i gcás ina measfadh Ballstát nach bhfuil na sonraí a fuarthas ó pháirtí príobháideach ábhartha agus, dá bhrí sin, nár oscail sé a imscrúdú féin ná nár bhunaigh sé foras leis na sonraí sin a chur faoi bhráid Europol, ach go bhféadfadh sé go mbeadh Europol in ann nasc a bhunú, i gcomhréir lena shainordú, chuig Ballstát amháin nó níos mó i gcás ina ndearna an páirtí príobháideach na sonraí a tharchur chuige go díreach;

Á MHEABHRÚ DI, bunaithe ar an bplé a rinneadh le déanaí maidir leis na bealaí a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an teorannú sin, a bhí ar siúl sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí ar an 11 Iúil[2] agus an 16 Meán Fómhair[3] 2019, gur aithin na Ballstáit riachtanais oibríochtúla agus gur chuir siad a gcuid tacaíochta in iúl maidir leis na huirlisí a chur ar fáil do Europol a dteastaíonn uaidh chun a chuid misean a chomhlíonadh;

Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI, áfach, gur cheart go mbeadh aon chóras lena rialaítear tarchur sonraí ó pháirtithe príobháideacha go díreach chuig Europol bunaithe ar nós imeachta um thoiliú ó na Ballstáit a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm liosta arna mholadh ag Europol ar a mbeadh na páirtithe príobháideacha óna mbeadh ar Europol sonraí pearsanta a fháil. Is é Bord Bainistíochta Europol, agus ionadaíocht á déanamh aige thar ceann na n-údarás náisiúnta, a dhéanfadh cinneadh, ag eatraimh, maidir leis an liosta;

---

[1] Is é sin le rá ó aonad náisiúnta nó ó phointe teagmhála tríú tír nó ó eagraíocht idirnáisiúnta, mar a shonraítear a thuilleadh é in Airteagal 26(1)(a) - (c) de Rialachán Europol

[2] 10494/19.

[3] 11832/19.

Á THUISCINT DI gur cheart d'aon chóras den sórt sin a bheith deonach agus i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus leis an reachtaíocht is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ar cheart dó, go háirithe maidir le cosaint sonraí pearsanta, foráil a dhéanamh freisin do bhunús leordhóthanach dlí do tharchur sonraí pearsanta ó pháirtithe príobháideacha chuig Europol, agus ról tacaíochta Europol á choimeád go hiomlán i gcomhréir leis an reachtaíocht thuasluaite; agus

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI go bhféadfadh sé go mbeadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras reatha de Mheabhráin Tuisceana chun comhar straitéiseach le gníomhaithe príobháideacha a rialú chun creat níos dea-shainithe a thabhairt isteach do mhalartú díreach sonraí pearsanta, lena n-áirítear ról níos láidre do Bhord Bainistíochta Europol;

Á THAISPEÁINT nach mór aon Bhallstát lena mbaineann na sonraí a tharchuireann páirtí príobháideach chuig Europol a chur ar an eolas láithreach a luaithe is féidir tríd an Aonad Náisiúnta Europol;

Á MHEABHRÚ DI nach gníomhaithe stáit iad páirtithe príobháideacha a aontaíonn sonraí a tharchur chuig Europol, agus nár cheart dóibh, dá bhrí sin, a bheith ag súil le haon aiseolas maidir le húsáid na sonraí sin ná maidir leis an gcumas srianta láimhseála a fhorchur i ndáil leis na sonraí atá tarchurtha acu;

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

– aithníonn sí an riachtanas práinneach oibríochtúil atá ann do Europol sonraí a iarraidh agus a fháil go díreach ó pháirtithe príobháideacha, agus ról tacaíochta Europol á urramú ag an am céanna maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát;

– aontaíonn sí go leanfar leis an machnamh ar mhódúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tarchur den sórt sin ar gach leibhéal iomchuí, ar an tuiscint go n-urramófar na cearta bunúsacha thuasluaite amhail cosaint sonraí pearsanta agus prionsabail toilithe na mBallstát, tarchur deonach agus easpa aiseolais;

– comhaontaíonn sí go n-áireofar tuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí sa phlé a bheidh ann amach anseo maidir leis an bhféidearthacht go bhfaigheadh Europol sonraí pearsanta ó pháirtithe príobháideacha.

– iarrann sí ar an gCOIMISIÚN:

  – na conclúidí seo ón gComhairle a chur san áireamh faoi chuimsiú a athbhreithnithe ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/794, agus scrúdú á dhéanamh ar an gcleachtas maidir le sonraí pearsanta a mhalartú díreach le páirtithe príobháideacha;

  – a mheá an fearr sceideal an athbhreithnithe thuas a oiriúnú de réir mar is gá, go háirithe i bhfianaise nach mór do lucht forfheidhmithe an dlí Eorpaigh aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí leanúnacha teicneolaíochta.